AN GARDA SÍOCHÁNA

# Plean Póilíneachta Roinne RCBÁC Theas-Lár 2023

**“Keeping People Safe”**

“Ag Coinneáil Daoine Sábháilte”

# Brollach Oifigeach na Roinne

Tá áthas orm an Plean Póilíneachta Bliantúil 2023 a chur i láthair do Roinn Bhaile Átha Cliath Theas-Lár. Is é an Plean an dara ceann de thrí phlean a forbraíodh chun tacú le Ráiteas Straitéise 2022-2024 an Gharda Síochána. Léirítear sa Phlean na spriocanna agus na tosaíochtaí póilíneachta a dtugtar cuntas orthu sa Phlean Póilíneachta Náisiúnta (ina leagtar an bhéim ar Chearta Daonna mar an bhunchloch chun ár Seirbhís Póilíneachta a sholáthar). Thit dúshláin mhóra amach le dhá mhí dhéag anuas i dtaobh seirbhís póilíneachta a sholáthar agus oiriúnú do threochtaí oibríochtúla tar éis na paindéime domhanda. Ina ainneoin sin, tá athléimneacht láidir go fóill agus leanaimid lenár dtiomantas d'aghaidh a thabhairt ar ár n-oibleagáidí.

Tá an Garda Síochána tiomanta dár "oibleagáidí dualgais dhearfaigh" seirbhíse poiblí faoi alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Rachaimid i ngleic leo seo, in 2023, trí thionscnaimh a bhaineann lenár Straitéis Éagsúlachta agus Ionchuimsithe, ár mBeartas um Fhoréigean Teaghlaigh agus leanfaimid lenár nAcmhainneacht um Chearta Daonna a fhorbairt.

In 2019, roghnaíodh Roinn RCBÁC Theas-Lár chun tionscnamh píolótach a stiúradh – an tSamhail Phóilíneachta Roinne, a bhfuil teideal eile tugtha air anois, "an tSamhail Oibriúcháin". Pléitear sa tsamhail le bunathruithe ar ár struchtúr, a cheadaíonn níos mó Gardaí a bheith ag tabhairt faoi dhualgais túslíne, imscrúduithe níos fearr a dhéanamh ar choireanna a rinneadh in aghaidh íospartaigh leochaileacha agus foirne tiomnaithe póilíneachta pobail a oibríonn lenár bpobail.

Thugamar cuireadh do dhearcthaí sa cháipéis phleanála seo ó réimse fairsing páirtithe, idir inmheánach agus seachtrach. Arís eile i mbliana leagfaimid ár mbéim ar na colúin straitéiseacha: Pobal, Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach, Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha, Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint, agus Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe. De bhreis air sin, leagamar amach conas a úsáidfimid cumasóirí chun baint amach ár ngarspriocanna a éascú. Tá ár gcur chuige ceaptha ár bhfeidhmíocht agus ár bpróisis a fheabhsú agus ár ndaoine a fhorbairt níos mó, ar an mbealach seo, cuirfimid le Seirbhís Póilíneachta éifeachtach a sholáthar a fhreagraíonn do riachtanais phobail nua-aimseartha agus éagsúil.

De réir mar a bhogaimid chun cinn in 2023, beidh dúshláin iomadúla agus ilchineálacha roimh an nGarda Síochána. Leanfaimid i Roinn Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas Lár ag cur leis an méid a baineadh amach sa tréimhse straitéiseach dheireanach, lena chinntiú go soláthraítear Seirbhís Póilíneachta éifeachtach, éifeachtúil agus ionchuimsitheach. Ba mhian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí agus foireann uile an Gharda Síochána i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas Lár as ucht a dtiomantais agus a ndúthrachta i mbliain a bhí an-dúshlánach. Táim ag tnúth le tacaíocht chomhchoiteann cách nuair a bheimid ag tabhairt faoinár Misean, Ag Coinneáil Daoine Sábháilte in 2023 agus ina dhiaidh sin.

*Tony O'Donnell,*
*Ard-Cheannfort*

## Conas teagmháil a dhéanamh le do Roinn – Glaoigh i gcónaí ar 999 nó 112 i gcás éigeandála

| Ceannfoirt, agus teagmhálaí oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Guthán |
|---|---|---|---|
| **RCBÁC Theas-Lár**<br>**Oifig na Roinne**<br><br>**An tArd-Cheannfort Tony O'Donnell**<br><br>Kevin_Street_DV@garda.ie<br>01-6669492 | Stáisiún Gardaí Shráid Chaoimhín | 9:00am – 5:00pm | 01- 6669492 |
| **RCBÁC Theas-Lár**<br>**Coireacht**<br><br>**An Ceannfort Bleachtaireachta Edward Carroll**<br><br>DMRSouthCentral.Crime@garda.ie<br>01-6669412 | Stáisiún Gardaí Shráid Chaoimhín | 9:00am – 5:00pm | 01-6669412 |
| **RCBÁC Theas-Lár**<br>**Rannpháirtíocht sa Phobal, Sráid Chaoimhín**<br><br>**An Ceannfort Gary McPolin**<br><br>KevinStreet.CE@garda.ie<br>01-6669482 | Stáisiún Gardaí Shráid Chaoimhín | 9:00am – 5:00pm | 01-6669482 |
| | Stáisiún Gardaí Chill Mhaighneann | - | 01-6669700 |
| **RCBÁC Theas-Lár**<br>**Rannpháirtíocht sa Phobal, Sráid an Phiarsaigh**<br><br>**An Ceannfort Dermot McKenna**<br><br>PearseStreet.CE@garda.ie<br>01-6669082 | Stáisiún Gardaí Shráid an Phiarsaigh | 9:00am – 5:00pm | 01-6669082 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **RCBÁC Theas-Lár Rannpháirtíocht sa Phobal, Domhnach Broc**<br><br>**An Ceannfort Timothy Burke**<br><br>Donnybrook.CE@garda.ie<br>01-6669282 | Stáisiún Gardaí Dhomhnach Broc | 9:00am – 5:00pm | 01-6669282 |
| | Stáisiún Gardaí an Bhaile Ghaelaigh | - | 01-6669600 |
| **RCBÁC Theas-Lár Dearbhú Feidhmíochta**<br><br>**An Ceannfort Frank Ferry**<br><br>SC.PAFA@garda.ie | Stáisiún Gardaí Shráid Chaoimhín | 9:00am – 5:00pm | |
| **RCBÁC Theas-Lár Seirbhísí Gnó**<br><br>**Príomhoifigeach Cúnta**<br><br>SC.Finance@garda.ie<br>SC.Bservices@garda.ie<br>SC.HRM@garda.ie<br>SC.Logistics@garda.ie | Stáisiún Gardaí Shráid an Phiarsaigh (Airgeadas) | 9:00am – 5:00pm | 01-6669073 |
| | Stáisiún Gardaí Shráid an Phiarsaigh (Riarachán Ginearálta) | 9:00am – 5:00pm | 01-6669335 |
| | Stáisiún Gardaí Shráid an Phiarsaigh (Acmhainní Daonna) | 9:00am – 5:00pm | 01-6669335 |
| | Sráid Chaoimhín (Lóistíocht) | 9:00am – 5:00pm | 01-6669457 |

**Cigire Imeaglaithe Bainteach le Drugaí** don Roinn: An Cigire Niall Gillooly – Sráid Chaoimhín
Tá eolas breise ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána

Is féidir teacht ar ainmneacha na **n-oifigeach éagsúlachta** sa Roinn thíos:
Tá eolas breise ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána

| | Ainm | Céim | Stáisiún |
|---|---|---|---|
| 1 | Deirdre Gately | Garda | Domhnach Broc |
| 2 | John Donnelly | Garda | Sráid an Phiarsaigh |
| 3 | Noeleen Byrne | Garda | Sráid an Phiarsaigh |
| 4 | Mark Duffy | Garda | Cill Mhaighneann |
| 5 | Mark Scanlan | Garda | Sráid an Phiarsaigh |
| 6 | Laura Duignan | Garda | Domhnach Broc |
| 7 | Debbie O'Sullivan | Garda | Cill Mhaighneann |
| 8 | Niamh McCarthy | Garda | Sráid an Phiarsaigh |
| 9 | Cathal Kelly | Garda | Sráid an Phiarsaigh |
| 10 | James Keegan | Garda | Sráid an Phiarsaigh |
| 11 | Karl O'Reilly | Garda | Cill Mhaighneann |

**An tOifigeach Coiscthe Coireachta** don Roinn:

An Garda Seán O'Sullivan, Stáisiún Gardaí Shráid an Phiarsaigh, 016669000 nó, mar mhalairt air sin, DMRSouthCentral.Crime@garda.ie

# 1. An Pobal

Leanúint le ceangail a neartú le pobail, ag oibriú i gcomhpháirtíocht le daoine a choimeád sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| **1.1** Oibriú i gcomhar leis an bpobal chun réitigh inbhuanaithe ar bhuarthaí pobail a fhorbairt | **1.1** Caidreamh láidir leis an bpobal trí idirchaidreamh rialta le Comhchoistí Póilíneachta agus fóraim áitiúla phóilíneachta. |
| **1.2** Seirbhís póilíneachta a sholáthar a aithníonn éagsúlacht na ndaoine ar a bhfreastalaímid | **1.2** Braithfidh gach duine de mhuintir phobal áitiúil go ndéantar ionadaíocht chomhionann dóibh ag fóraim áitiúla phóilíneachta agus tá siad compordach i measc a bpiaraí i dtaobh páirt a ghlacadh sa phobal níos fairsinge maidir le saincheisteanna a bhaineann le agus nach mbaineann le saincheisteanna póilíneachta. |
| **1.3** Oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí eile leis an díobháil a chomhrac a chruthaigh mangaireacht drugaí i bpobail | **1.3** Caidreamh níos láidre a bhunú le húsáideoirí seirbhíse ag féachaint le hiontaoibh a fhorbairt, chun cabhrú le daoine aonair a bhfuil imeaglú bainteach le drugaí á dtabhairt le fios acu. |

## 1. An Obair a dhéanaimid go Rialta leis an bPobal

| Obair | Modh |
|---|---|
| Oiliúint Póilíneachta Pobail | |
| Cúltaca an Gharda Síochána a úsáid | |
| Ardchaighdeán freagartha do ghlaonna a dtugtar céadtús áite dóibh | |
| Idirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí éagsúlachta | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Glacadh dearfach le hoiliúint agus amanna réamhghníomhacha freagartha | |
| Pearsanra an Chúltaca a shannadh go comhordaithe | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Fóraim phóilíneachta a úsáid | |
| Idirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí seanóirí | |
| Idirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí daoine gan dídean/ daoine a chodlaíonn amuigh | |
| Oiliúint ar fheasacht chultúrtha agus ar chearta daonna | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Braitheann sainghrúpálacha go bhfuil siad gafa | |
| Lucht saothair atá ar an eolas ar chearta daonna | |

## 2. Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach -

Súil a bheith le agus dul i ngleic go réamhghníomhach le coireacht, treochtaí coireachta nua agus atá ag teacht chun cinn ina measc, agus úsáid á baint as cur chuige éifeachtach póilíneachta faoi stiúir eolais

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| **2.1** Freagairtí réamhghníomhacha faoi stiúir faisnéise a sholáthar i leith coireacht ardmhinicíochta chun dul i ngleic le treochtaí reatha agus atá ag teacht chun cinn | **2.1** Cuirfear barr feabhais ar 'an tSamhail Oibriúcháin' chun limistéir éifeachtúlachta agus chuíchóirithe laistigh de gach ceann de na limistéir feidhme a shainaithint. Faoi dheireadh na tréimhse straitéisí, beidh cuíchóiriú déanta ag an Roinn ar a mhéid limistéir phróisis agus is féidir. |
| **2.2** Leanúint le feabhas a chur ar ár n-inniúlacht chun dul i ngleic le calaois agus coireanna cibearchumasaithe | **2.2** Go mbíonn an saineolas agus na scileanna i measc na bhfoirne Bleachtairí Roinne a bheith in ann dul in oiriúint do agus freagairt do mhodhanna calaoise agus cibearchoireachta atá nua agus atá ag teacht chun cinn a úsáideann coirpigh. |
| **2.3** Cur isteach go réamhghníomhach ar Choireacht Eagraithe agus Tromchoireacht i gcomhoibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta | **2.3** Cuireann na Gardaí in iúl do dhaoine nuair a bhíonn bagairt ann ar a saol agus tacaítear leo, a fheabhas agus is féidir, le cinntí a dhéanamh maidir lena sábháilteacht. |

## 2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Páirt a ghlacadh in Oibríochtaí Náisiúnta agus Réigiúnacha | |
| Na Próisis Bhainistíochta Cásanna Ógánach (JCM) agus Daoine Fásta (ACM) a chur i bhfeidhm | |
| Urghabháil drugaí a chomhordú agus gníomhaíochtaí soláthraithe drugaí ar gach leibhéal a chur as riocht | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Torthaí ar Oibríochtaí Spriocdhírithe a chur in iúl |
| Cruinnithe Rialta a thionól maidir le Bainistíocht Cáis |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Teagmháil leantach a dhéanamh leo siúd sa Phobal atá faoi bhagairt | |
| Tacú le hAonaid Náisiúnta maidir le Dronga Coiriúla Eagraithe a chur as riocht | |
| Faisnéis a thabhairt do chomhaltaí maidir le bearta um chosc na coireachta (ar féidir íospartaigh a chur ar an eolas orthu). | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Freastal ar Chruinnithe Rialta Bainistíochta |
| Cuir i Láthair á ndéanamh ag an Oifigeach Coisctheach Coireachta le Gardaí faoi Oiliúint |

## 3. Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha

Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine leochailigh a chur chun cinn agus a chosaint a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| **3.1** A chinntiú go dtugtar an tseirbhís agus na tacaíochtaí cuí do gach íospartach a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána agus díriú ar leith ar fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe | **3.1** Sainaithneofar athíospartaigh agus tacófar leo trí struchtúir áitiúla. Braithfidh na híospartaigh go léir go bhfuil tacaíocht oiriúnach á tabhairt dóibh chun go mbainfidh na híospartaigh go léir na torthaí comhchosúla póilíneachta amach. |
| **3.2** Córas tomhais thorthaíbhunaithe a leabú do gach saghas coireachta, anuas ar thuairisciú caighdeánach staitistiúil a dhéanamh ar an gcoireacht | **3.2** Sainaithneofar treochtaí coireachta tíreolaíocha agus athchiontóirí, agus cuirfear an maolú cuí i bhfeidhm. |
| **3.3** Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | **3.3** Beidh bóithre níos sábháilte do na húsáideoirí bóithre go léir sa Roinn mar thoradh ar ard-infheictheacht, anuas ar chomhoibriú le pleananna Réigiúnacha. |

## 3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Idirghníomhú le híospartaigh a chur i dtaifead agus iad a choimeád ar an eolas ar imscrúduithe | |
| Éisteacht le, agus cur chuige comhoibritheach le comhpháirtithe Pobail chun dul i ngleic le saincheisteanna áitiúla | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Monatóireacht leanúnach ar theagmhais choireachta fuatha a thaifeadadh |
| Freastal rialta ar chruinnithe fóraim áitiúil |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Seicphointí ard-infheictheachta agus Oibríochtaí MIT agus Tarrthála | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Seicphointí rialta pleanáilte a bhunú |

# 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus a dhaoine a chosaint ón sceimhlitheoireacht agus bagairtí ar a shárleasanna.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| **4.1** Leanúint den Phlean Forbartha Seirbhíse Slándála a chur i bhfeidhm a neartaíonn inniúlacht slándála agus faisnéise an Gharda Síochána | **4.1** Líonra láidir cumarsáide bunaithe agus á chothú chun cabhrú le bainisteoirí áitiúla cur leis an bPlean Náisiúnta a fhorbairt. |
| **4.2** Ullmhacht d'éigeandálaí móra a chinntiú trí oiliúint, forbairt leanúnach feasachta sa Gharda Síochána agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Bainistíochta Móréigeandála | **4.2** I gcás plean éigeandála a ghníomhachtú, beidh teacht ag Gardaí ar fhaisnéis ábhartha cothrom le dáta agus beidh siad in ann freagairt ar bhealach struchtúrach comhordaithe. |
| **4.3** Tabhairt faoi oibríochtaí faoi stiúir faisnéise, oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta chun an sceimhlitheoireacht agus gníomhaireachtaí gníomhaithe doicheallacha a shainaithint agus a chur as riocht go réamhghníomhach | **4.3** Cuirfear an pearsanra ábhartha ar an eolas ar dhaoine a bhfuil amhras fúthu a chónaíonn go háitiúil laistigh den Roinn agus beidh siad in ann freagairt go cuí do bhagairt láithreach. |

## 5. Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe

Cultúr feabhsaithe leanúnaigh a spreagadh agus a chothú, nuálaíocht agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| **5.1** An Cumas agus an Acmhainn Athraithe sa Gharda Síochána a fheabhsú tríd an bPlean um Fhorbairt Acmhainní Bainistíochta Athruithe a chur i bhfeidhm. | **5.1** Beidh an lucht saothair oiriúnaitheach gan stró d'athrú agus don nuálaíocht agus seolfaidh siad tograí ar aghaidh faoi fheabhsúcháin. |
| **5.2** Teacht chun cinn i dtreo stát na todhchaí don Gharda Síochána, éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a neartú agus ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint, lena mbuntacaíonn fís an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn. | **5.2** Léireoidh comhaltaí na Roinne toilteanas smaointe nua a thástáil agus triail a bhaint astu faoi threoir a maoirseoirí. |
| **5.3** Cur le cleachtais reatha inbhuanaithe sa Gharda Síochána trí Phlean Inbhuanaitheachta Comhshaoil, atá ar aon dul le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais, a fhorbairt. | **5.3** Déanfar Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhtháthú ar bhealach intomhaiste agus inbhraite. |

## Cumasóir 1: Daoine agus Cuspóir

Is mór don Gharda Síochána luachanna a bheith ina eagraíocht atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| **E1.1** Ár n-acmhainn a fheabhsú Acmhainní Daonna, Oiliúint, tacaíochtaí Foghlama agus Forbartha cuí a sholáthar, a chuireann ar chumas ár bpearsanra an rath a bhaint amach ina ról | **E1.1** Seirbhís póilíneachta atá curtha ar an eolas agus atá cothrom le dáta. |
| **E1.2** Tacaíocht bhreise a thabhairt dár bpearsanra trí thionscnaimh shláinte agus folláine a chur i bhfeidhm atá ar aon dul le prionsabail na Straitéise Sláinte agus Folláine | **E1.2** Beidh cur amach ag pearsanra uile an Gharda Síochána ar na daoine aonair agus ar shonraí teagmhála tacaíochtaí inmheánacha sa Roinn. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí comhoibritheacha a spreagadh chun gnímh agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| **E2.1** Leanúint ag oibriú le comhpháirtithe le feabhas a chur ar ár gcur chuige ildisciplíneach | **E2.1** Dearbhófar do chomhaltaí fóraim áitiúla phóilíneachta go mbíonn ionchur díreach acu i leith na freagartha póilíneachta ina gceantar. |
| **E2.2** Deiseanna a fhiosrú agus a fhorbairt do chomhoibriú le speisialtóirí, ollscoileanna, moil taighde agus ceannairí smaointeoireachta inmheánacha agus seachtracha | **E2.2** Páirt a ghlacadh i struchtúir a forbraíodh ar leibhéal náisiúnta chun comhairliúchán a fhairsingiú agus cur chuige coisctheach a fheabhsú ar fud an Gharda Síochána. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus idirchaidreamh soiléir dhá bhealach a fhorbairt trí chainéil nua agus reatha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| **E3.1** Idirchaidreamh dhá bhealach a neartú le comhpháirtithe ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil, éisteacht le riachtanais ár bpobal agus iad a thuiscint | **E3.1** Breithneoidh an fhoireann bainistíochta Roinne aon bhreathnóireacht a rinneadh agus aon cheachtanna a foghlaimíodh ó shuirbhéanna ar dhearcadh an phobail. |
| **E3.2** Torthaí Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána a thuiscint agus freagairt dóibh | **E3.2** Cabhróidh an méid a foghlaimíodh ón iniúchadh ar chultúr le hiompar na heagraíochta a fheabhsú laistigh den Roinn. |

## Cumasóir 4: Cumasú agus Iontaoibh

Cultúr cumasaithe agus iontaoibhe a chothú atá bunaithe ar ionracas agus ar Chearta Daonna a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| **E4.1** Iompar gairmiúil i measc phearsanra an Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú, a dhéanann cultúr cumasaithe agus iontaoibhe a chothú. | **E4.1** Beidh comhaltaí oilte sa chleachtas ina ndéantar cinntí feasacha agus ina mbíonn cearta daonna ina gcroílár. |
| **E4.2** Samhail Oibriúcháin Eagraíochta an Gharda Síochána a thabhairt isteach | **E4.2** An tSamhail Oibriúcháin a chur i bhfeidhm go rathúil agus na speisialtachtaí cuí i bhfeidhm chun tacú le comhaltaí túslíne. |

## Cumasóir 5: Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise

Seirbhís faoi stiúir faisnéise a shaothrú, trí úsáid a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht le héifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a chur chun cinn

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| **E5.1** Póilíneacht faoi stiúir faisnéise a fheabhsú trí Threochlár TFC 2023 a chur i bhfeidhm, fíorú ár bhFíse Sonraí agus Teicneolaíochta a fhíorú | **E5.1** Déanfar gléasanna soghluaisteachta a chomhtháthú isteach sa Roinn. |
| **E5.2** Comhsheasmhacht ár sonraí a fheabhsú tríd an bpróiseas cáilíochta sonraí a oibríochtú, a dhéantar a bhailíochtú trí athbhreithniú seachtrach | **E5.2** Soláthrófar an t-eolas go léir do Bhainisteoirí Limistéar Feidhme sula bhfreastalóidh siad ar chruinnithe, a chinntíonn go gcruthaíonn siad íomhá ghairmiúil agus inniúil don Eagraíocht. |

# Aguisín: An Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail

| Cuspóirí Straitéiseacha | Bearta |
|---|---|
| **An Pobal -** Leanúint le **ceangail a neartú** le pobail, **oibriú i gcomhpháirtíocht** le daoine a choimeád sábháilte. | • Comhréir na bhfreagróirí a thugann le fios go bhfuil siad sásta le Seirbhís áitiúil an Gharda Síochána.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann nach ndéileálann an GS le rudaí lena mbaineann tábhacht sa phobal.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go gcaitheann Gardaí sa cheantar le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a thugann le fios go n-éisteann an Garda Síochána le buarthaí daoine áitiúla.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go gcaithfeadh na Gardaí leat le meas dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal. |
| **Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach - Súil a bheith le agus dul i ngleic go réamhghníomhach** le coireacht, treochtaí coireachta nua **agus atá ag teacht chun cinn** ina measc, agus úsáid á baint as cur chuige éifeachtach póilíneachta faoi stiúir eolais | • Comhréir na bhfreagróirí a cheapann gur fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach an choireacht go háitiúil<br>• Comhréir na bhfreagróirí a bhíonn buartha go bhféadfaí íospartach na Cibearchoireachta a dhéanamh díobh nó d'aon duine a chónaíonn leo.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a bhfuil eagla roimh an leibhéal coireachta go ginearálta orthu.<br>• Comhréir na bhfreagróirí nach n-imríonn eagla roimh choireacht tionchar ar bith ar chaighdeán na beatha.<br>• Comhréir na bhfreagróirí atá feasach ar phatróil an Gharda Síochána.<br>• Comhréir freagróirí a luaigh gurbh íospartach an tsaghais chéanna choireachta iad roinnt mhaith uaireanta le 12 mhí anuas.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar chearta daonna.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána éifeachtach i dtaobh coireacht a chomhrac.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil ceart go leor.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann gur féidir brath ar na Gardaí i mo cheantar a bheith ann in am an ghátair. |
| **Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha -** Díobháil a laghdú trí dhínit agus **Cearta Daonna íospartach agus gach duine leochailigh a chur chun cinn agus a chosaint** a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána. | • Comhréir na n-íospartach atá sásta go leor nó an-sásta leis an mbealach a láimhseáil an Garda Síochána a gcás.<br>• Comhréir na n-íospartach a thug an choir ba dhéanaí a rinneadh orthu le fios.<br>• Comhréir an bhfreagróirí a luaigh gur fhreagair na Gardaí go tapa maidir lena dteagmhas is déanaí nuair a tugadh an teagmhas le fios an chéad uair.<br>• Comhréir an bhfreagróirí a luaigh go ndearna an Garda Síochána teagmháil leo tar éis gur tugadh an teagmhas is déanaí dá gcuid le fios. |
| **Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe -** Cultúr **feabhsaithe leanúnaigh** a spreagadh agus a chothú, **nuálaíocht** agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú | • Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána nua-aimseartha agus céimnitheach. |
| **Cumasóirí -**<br>**1. Daoine agus Cuspóir**<br>**2. Comhpháirtíochtaí**<br>**3. Rannpháirtíocht**<br>**4. Cumasú agus Iontaoibh**<br>**5. Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise** | • Comhréir na bhfreagróirí a luann go ndéantar bainistiú maith ar an nGarda Síochána.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a chomhaontaíonn nó a chomhaontaíonn go tréan leis go ndéanann an Garda Síochána ionadaíocht do na pobail éagsúla ar a ndéanann sé freastal.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a thugann iontaoibh idir mheánach agus ard le fios as an nGarda Síochána. |

## Banc Deilbhíní

| Ciall | Deilbhín |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú i bPearsan |
|  | Ar an nguthán |
|  | Ar ríomhphost |
|  | Sa phost |
|  | Ar an raidió |
|  | Ar an teilifís |
|  | Trí na meáin shóisialta |
|  | Feachtais Mheán |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Gardaí i bpearsan |
|  | Gardaí gnáthéadaí |
|  | CCTV |
|  | Ar chos |
|  | Ar rothar |
|  | Le gluaisteáin |
|  | Ar ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |

